V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10560 - SIKA / MBCC GROUP)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 234/05)

1. An 7 Meitheamh 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Sika International AG ("Sika", an Eilvéis), fochuideachta 100 % de chuid SIKA AG ("Sika AG", an Eilvéis);

— LSF11 Skyscraper Holdco S.à.r.l. ("MBCC", Lucsamburg), máthairchuideachta deiridh MBCC Group.

Gheobhaidh Sika rialú ar MBCC ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Sika: grúpa atá gníomhach i bhforbairt, i dtáirgeadh agus i soláthar meascán ceimiceach, moirtéal, séaltán agus greamachán, ábhar maolaithe agus treisithe, córais neartaithe struchtúracha, urlár tionsclaíoch chomh maith le córais dín agus uiscedhíonta a úsáidtear san earnáil tógála agus ag na tionscail déantúsaíochta, ar an leibhéal domhanda,

— i gcás MBCC: grúpa ina bhfuil dhá aonad gnó atá gníomhach ar an leibhéal domhanda, eadhon (i) "meascáin cheimiceacha", a sholáthraíonn réitigh do chustaiméirí sna tionscail déantúsaíochta coincréite, stroighne agus tógála faoi thalamh, agus (ii) "córais tógála", a chuireann réitigh ar fáil chun foirgnimh agus struchtúir a chosaint agus a dheisiú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

Cás M.10560 - SIKA / MBCC GROUP

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË